Le haghaidh tuilleadh eolais gabh chuig:

**nidirect.gov.uk/bowel-screening**

Chun an bhileog seo a fháil i dteanga nó formáid eile gabh chuig:

**http://pha.site/bowel-cancer-screening-next-step**

Do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil lagurlabhra acu, is féidir Relay UK a úsáid.

Diailigh ár líne chabhrach, le do thoil, ar

**18001 0800 015 2514.**

BOWEL CANCER SCREENING

HSC Public Health Agency

**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).
www.publichealth.hscni.net

Tríd an idirlíon/na meáin shóisialta:

Irish

11/23

# Scagthástáil le haghaidh ailse putóige

## An chéad chéim eile



Irish

BOWEL CANCER SCREENING

## Míniú a thabhairt ar do thoradh tástála

Léiríonn do thoradh tástála gur chóir smaoineamh ar imscrúdú breise a dhéanamh. **Ní** chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort, ach gur aimsíodh rianta fola i do chuid caca.

- Beidh fuil sa chac ag thart ar bheirt as gach 100 duine a dhéanfar tástáil orthu agus cuirfear fios orthu siúd chun bualadh leis an sainchleachtóir scagthástála (SSP). Fiú ansin, beidh naonúr as gach deichniúr, a bhfuil fuil acu sa chac, saor ó ailse.
- D'fhéadfadh siadaí beaga ar a dtugtar polaipí nó riochtaí eile ar nós haemaróidí (fíocais) a bheith mar chúis ar fhuil i do chuid caca.

## Cad é a tharlaíonn anois?

- Tugadh coinne duit (féach an litir iniata) chun imscrúdú a bheith agat le sainchleachtóir scagthástála. D'fhéadfadh sé gur coinne fóin a bheidh i gceist.
- Tá féidearthacht ann go bhfaigheadh tú ceistneoir. Déan í seo a chomhlánú, le do thoil, roimh do chéad choinne mar go gcuideoidh sé linn cinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach ar fad atá ar fáil agat.
- Déantar an t-imscrúdú seo chun a chinntiú go bhfuil tú folláin go leor chun ionscópacht a dhéanamh ar an drólann (féach thíos).
- Ba chóir go dtógfadh an t-imscrúdú 45 bhomaite ar an mhéad.
- Ní gá duit do réim bia nó do chógas a athrú roimh an imscrúdú, ach ba chóir duit aon chógas atá á ghlacadh agat a thabhairt leat chuig an imscrúdú.
- Déanfaidh an sainchleachtóir scagthástála do thoradh tástála a phlé leat agus tabharfaidh sé nó sí míniú ar na tástálacha eile ar féidir a dhéanamh. Tabharfar seans duit ceisteanna a chur nó aon imní a chur in iúl.
- D'fhéadfaí do bhrú fola a ghlacadh agus scrúdú fola a chur ort.
- Tabharfar cuireadh duit teacht ar ais le haghaidh tástálacha breise, ionscópacht ar an drólann de ghnáth. Socrófar dáta agus am atá oiriúnach duit.

- Tabharfaidh an sainchleachtóir scagthástála míniú duit ar an ghnáthamh a bhaineann le hionscópacht ar an drólann agus tabharfar eolas scríofa duit chun tabhairt abhaile leat.
- Más rud é nach féidir leat freastal ar an imscrúdú seo, tá sé tábhachtach scairt a chur ar an líne chabhrach shaorghlao ar 0800 015 2514 chomh luath agus is féidir chun dáta agus am níos oiriúnaí a shocrú.

## Cad é an rud é ionscópacht ar an drólann?

- Baintear úsáid as ceamara an-bheag ag deireadh feadáin thanaí san ionscópacht ar an drólann a chuireann ar chumas an dochtúra nó altra polaipí nó comhartha ailse a lorg ar an taobh istigh de do phutóg. Uaireanta, tógtar sampla beag den phutóg agus déantar scrúdú air faoi mhicreascóp chun cealla ailse a lorg.
- Mar an gcéanna leis an chuid is mó de ghnáthaimh mhíochaine, tá seans ann go mbeidh aimhréidh ann. Do gach 10,000 ionscópacht ar an drólann a dhéantar, d'fhéadfaí fuiliú a bheith ann i 67 gcás nó mar sin, agus, i níos lú na 10 gcás, d'fhéadfaí poll a bheith curtha sa phutóg. Má tharlaíonn sé seo, ní foláir obráid a dhéanamh beagnach i gcónaí chun an poll a dheisiú. Go fíorannamh (de réir fianaise, níl ann ach cás amháin as 10,000 cás), is féidir le duine bás a fháil de bharr ionscópacht ar an drólann. Tabharfaidh an saincleachtóir scagthástála míniú duit ar na sochair agus ar na rioscaí nuair a thiocfaidh tú isteach don imscrúdú.

## Cad é atá i gceist má léiríonn an ionscópacht ar an drólann go bhfuil cóir leighis bhreise de dhíth orm?

- Má tá cóir leighis bhreise de dhíth ort, cuirfear tú chuig cibé speisialtóir atá oiriúnach duitse. Mar shampla, más rud é gur baineadh polaipí ag ionscópacht ar an drólann, d'fhéadfaí go n-iarrfar ort dul ar ais chun ionscópacht eile a dhéanamh ar an drólann níos déanaí.
- Beidh an sainchleachtóir scagthástála in ann aon cheist a fhreagairt nó aon imní a bheidh ort a phlé leat ag an imscrúdú.